

# CLÁR

Bord na Stiúrthóirí	3
Athbhreithniú an Chathaoirligh	7
Athbhreithniú na nOibríochtaí	11
Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin	21
Tuarascáil na Stiúrthóirí	25
Tuarascáil na nIníochóirí	29
Cuntais	33
Torthaí Comparáideacha agus Graif	49
Gailearáí na nImeachtaí	53



Ospidéal an Rotunda, BÁC 1.

07.00am	13.00pm	19.00pm	01.00am
07.15am	13.15pm	19.15pm	01.15am
07.30am	13.30pm	19.30pm	01.30am
07.45am	13.45pm	19.45pm	01.45am
08.00am	14.00pm	20.00pm	02.00am
08.15am	14.15pm	20.15pm	02.15am
08.30am	14.30pm	20.30pm	02.30am
08.45am	14.45pm	20.45pm	02.45am
09.00am	15.00pm	21.00pm	03.00am
09.15am	15.15pm	21.15pm	03.15am
09.30am	15.30pm	21.30pm	03.30am
09.45am	15.45pm	21.45pm	03.45am
10.00am	16.00pm	22.00pm	04.00am
10.15am	16.15pm	22.15pm	04.15am
10.30am	16.30pm	22.30pm	04.30am
10.45am	16.45pm	22.45pm	04.45am
11.00am	17.00pm	23.00pm	05.00am
11.15am	17.15pm	23.15pm	05.15am
11.30am	17.30pm	23.30pm	05.30am
11.45am	17.45pm	23.45pm	05.45am
12.00pm	18.00pm	24.00am	06.00am
12.15pm	18.15pm	00.15am	06.15am
12.30pm	18.30pm	00.30am	06.30am
12.45pm	18.45pm	00.45am	06.45am

# BORD NA STIÚRTHÓIRÍ

# BORD NA STIÚRTHÓIRÍ



**1 BERNARD COLLINS (CATHAOIRLEACH)**

Tá Bernard Collins ina Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin ar Lifemed Consulting Limited. Fuair sé BA le hOnóracha i nGnó/Síceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach ó Ollscoil na hÉireann, Corcaigh. Tá sé gníomhach mar chomhalta boird le go leor comhlachtaí eile, in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe. Chaith sé 10 mbliana mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003. (\*)

**2 PAT FARRELL, MMII**

Príomhfheidhmeannach, Cónaidhm Bhaincírí Éireann; Comhalta, Painéal Comhairleach an Tionscail Seirbhísí Airgeadais; Cathaoirleach, an Coiste Iniúchta (#)

**3 KEVIN MOYNIHAN, FCA**

Príomhaí, Kevin G. Moynihan & Co. Chartered Accountants; Cathaoirleach, Killarney Technology Innovation Centre 2003-2005; Cathaoirleach, Cumann Lucht Trachtála na hÉireann – Coiste Cánachais 1993-95; Cathaoirleach, Réigiún an Deiscirt, Cumann Lucht Trachtála na hÉireann 1992-93; Uachtarán, Cumann Lucht Trachtála Chill Airne 1991-93.

**4 JOSEPH O'LEARY, FCCA**

Comhpháirtí – Patrick McNamara & Associates – Iniúchóirí, Cuntasóirí agus Comhairleoirí Cánach; larchomhalta de Chomhairle Náisiúnta na nDámhachtainí Oideachais; Uachtarán, Réigiún na hÉireann, Comhlachas Cairte na gCuntasóirí Deimhnithe, 1994-95; larchomhalta, Réigiún na hÉireann, Feidhmeannas Chomhlachas Cairte na gCuntasóirí Deimhnithe.

**5 LIAM TWOHIG, B.COMM, FCA**

Comhpháirtí Bainistíochta, Baker Tilly O'Hare, Cuntasóirí Cairte agus Comhairleoirí Gnó; larchomhalta, Cumann Lucht Tionscail is Trachtála na Gearmáine-na hÉireann; Comhalta, Institiúid Chuntasóirí Cairte na hÉireann, Coiste Achomhairc Smachta. (#)

**6 HUMPHREY MURPHY**

Bainisteoir Stiúrtha, Global Stainless Ltd; Comhalta den Bhord Rialaithe, Ollscoil na hÉireann, Corcaigh 1997-2000, 2000-2003, 2004 go dtí seo; Cathaoirleach, Coiste Iniúchta OÉC, 2003 go dtí seo; Comhalta, Údarás Aerfort Chorcaí; Comhalta, Cumann Lucht Trachtála Chorcaí. (\*)

**7 AN BANBHARÚN JULIA NEUBERGER, DBE**

Comhalta Daonlathach Liobrálach, Teach na dTiarnaí; Iontaobhach, Booker Prize Foundation; Comhalta Onórach, Royal College of Physicians; larchomhalta, King's Fund; larchomhalta, South London Liberal Synagogue; Comhairleoir, Clore Duffield Foundation; Comhalta, Coiste Comhairleach, Iontaobhaigh Sainsbury Centre for Mental Health; Comhalta, Lárghrúpa um Chomhlíonadh Eitice, Unilever; larchomhalta, Medical Research Council. (\*\*)

**8 JIM KELLY**

Stiúrthóir, KBC Asset Management; Cathaoirleach, Fold Housing Association Ireland; Comhalta, Institiúid Bhainistíochta Pinsean; larchomhalta, Mercer Human Resource Consulting; Bunaitheoir agus Stiúrthóir, Pension & Investment Consultants Ltd.; larchomhalta, Comhairle na hÉireann um Phleanáil Scoir. (\*\*)

**9 CHRISTY COONEY**

Máistir san Oideachas Leas-Phríomhstiúrthóir, FÁS; Stiúrthóir, Páirc an Chrócaigh Teoranta; Comhalta, an Coimisiún um Ghearáin Chraolacháin; Cathaoirleach, Comhairle CLG, 2001-2003.

**10 GILLIAN BOWLER FMII, FMGT**

Cathaoirleach, Budget Travel Ltd; Cathaoirleach, Fáilte Ireland; Cathaoirleach, Irish Life and Permanent Plc.; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Grafton Group; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach, Clear Channel Ireland; Comhalta Boird, Michael Smurfit Graduate School of Business, OÉBÁC; Comhalta Boird, Social Innovations Ireland. (\*)

**11 PATRICIA ENNIS, B.ARCH, FRIAI**

Bainisteoir Stiúrtha, Kildare Architects Ltd. (#)

(#) comhalta den Choiste Iniúchta

(\*) comhalta den Choiste Luach Saothair

(\*\*) ainmniúcháin nua ar an mBord

D'éirigh Phil Flynn as an mBord i mí Feabhra 2005. Ceapadh an tUasal Flynn ar an mBord don chéad uair i mí Bealtaine 1996.

08.15am



Moscó, an Rúis.

07.00am 13.00pm 19.00pm 01.00am  
07.15am 13.15pm 19.15pm 01.15am  
07.30am 13.30pm 19.30pm 01.30am  
07.45am 13.45pm 19.45pm 01.45am  
08.00am 14.00pm 20.00pm 02.00am  
08.15am 14.15pm 20.15pm 02.15am  
08.30am 14.30pm 20.30pm 02.30am  
08.45am 14.45pm 20.45pm 02.45am  
09.00am 15.00pm 21.00pm 03.00am  
09.15am 15.15pm 21.15pm 03.15am  
09.30am 15.30pm 21.30pm 03.30am  
09.45am 15.45pm 21.45pm 03.45am  
10.00am 16.00pm 22.00pm 04.00am  
10.15am 16.15pm 22.15pm 04.15am  
10.30am 16.30pm 22.30pm 04.30am  
10.45am 16.45pm 22.45pm 04.45am  
11.00am 17.00pm 23.00pm 05.00am  
11.15am 17.15pm 23.15pm 05.15am  
11.30am 17.30pm 23.30pm 05.30am  
11.45am 17.45pm 23.45pm 05.45am  
12.00pm 18.00pm 24.00am 06.00am  
12.15pm 18.15pm 00.15am 06.15am  
12.30pm 18.30pm 00.30am 06.30am  
12.45pm 18.45pm 00.45am 06.45am

# ATHBHREITHNIÚ AN CHATHAOIRLIGH

## Cúinsí Dinimiciúla Cúram Sláinte in Éirinn

Tá athrú suntasach le teacht go luath ar chúinsí cúram sláinte in Éirinn. Tá cinní a rinne an Rialtas le roinnt blianta anuas maidir le leasú agus le hathmhúnlú ar sholáthar, ar sheachadadh, ar rialú agus ar mhaoiniú cúram sláinte ag dul i bhfeidhm anois ar gach eagraíocht atá gafa sa tionscal cúram sláinte. Tá sé curtha in iúl go soiléir ag an Rialtas go bhfuil sé chun cúrsaí polasaí agus oibriúcháin a scaradh ó chéile agus chuige seo tá Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte bunaithe aige chun cúrsaí oibriúcháin a láimhseáil. Tá sé tugtha le fios freisin ag an Rialtas go bhfuil sé ag iarraidh go ndéanfaidh an earnáil phríobháideach soláthar níos mó ar sheirbhísí sláinte, agus chuige seo, tá dreasachtaí flaithiúlacha cánach curtha ar fáil d'fhorbróirí a thógfaidh ospidéal phríobháideacha nua. Mar thoradh ar an bpolasaí seo, cuirfear ar fáil méid suntasach spáis nua. Lena chois sin, tá sé ráite ag an Rialtas go bhfuil sé chun athrú a dhéanamh ar an gcineál gaoil ata aige le soláthar árachas sláinte. Chuige seo, fógraíodh go mbeidh an reachtaíocht is gá á cur i láthair an Oireachtais i rith an fhómhair, a athróidh struchtúr corparáideach Vhi Cúram Sláinte. Déanfaidh na mórathruithe seo, mar aon le méadú iomaíochta sa mhargadh agus feabhsú rialaithe ag an Údarás um Árachas Sláinte agus ag Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, an cúrsa a rianú don tionscal cúram sláinte sna blianta beaga amach romhainn.

Tá sé mar chuspóir ag Vhi Cúram Sláinte cuidiú le feabhsú na seirbhísí sláinte agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is éifeachtúla ó thaobh costais de. An bunspríoc atá againn ná seasamh ar son leas ár mball sa dá chuspóir seo agus ag an am céanna, an gnóthas a reáchtáil go héifeachtúil. San athbhreithniú seo, táim chun díriú ar

thrí cheist atá lárnach maidir le hinmharthanacht an ghnóthais:

1. Cinneadh an Bhoird fíorphraghas pobalráitithe a ghearradh ar na baill leis an athbhreithniú ar an ráta préimhe ar 1 Meán Fómhair 2004.
2. Dearbhriachtanas le Comhionannú Riosca a thabhairt isteach láithreach.
3. Struchtúr corparáideach Vhi Cúram Sláinte don todhchaí.

Baineann na ceisteanna seo lena chéile. In Athbhreithniú na nOibríochtaí tá mionsonrú tugtha ag an bPríomhfhéidhmeannach ar an mbliain thart, a raibh idir rath, mhór-nuálacht agus mhórdhúshláin ag roinnt léi.

### Athbhreithniú ar an Ráta Préimhe: Meán Fómhair 2004

Tá sé mar pholasaí seasta ag an Rialtas ó 1994 i leith go mbeadh ciste do Chomhionannú Riosca riachtanach ón uair a mbeadh iomaíocht sa mhargadh pobalráitithe seo. Cuireadh tús leis an iomaíocht sa bhliain 1996 agus ba chóir go mbunófaí an ciste do Chomhionannú Riosca sa bhliain 1998, ach chuir an Rialtas an cinneadh faoi ar athló. Sna blianta a lean, d'éiligh Bord Vhi Cúram Sláinte méaduithe sa ráta préimhe ar na baill a bhí níos airde ná mar ba chóir ar mhaithe le hinmharthanacht airgeadais an ghnóthais agus le buanseasmhacht an mhargaidh mar iomlán. Bhí costas riosca sláinte an phobail á iompar ag baill Vhi Cúram Sláinte, tráth a raibh ollbhrabúis amhantair á saothrú ag ár n-iomaitheoir mar nach raibh orthu ach na costais a bhain le ballraíocht níos óige a sheasamh. Ní amháin go raibh an méid seo éagórach, ach ní fhéadfaí leanúint amhlaidh ar feadh achair ama. Ní raibh freagairt ar bith ar an éileamh a déanadh arís is arís eile ar an Rialtas agus ar an Údarás um Árachas Sláinte go gcuirfí Comhionannú Riosca i bhfeidhm láithreach.

Le hathbhreithniú ar an ráta préimhe ar 1 Meán Fómhair 2004, rinne an Bord an cinneadh fíorphraghas préimhe pobalráitithe a ghearradh, ar an mbunús go raibh na baill i dteideal a leithéid de ráta i margadh pobalráitithe. Rinne an Bord an cinneadh seo agus fios maith aige go mbeadh titim ábhartha i mbrabúis na bliana 2004/05 agus go mbeadh cailteanais ag méadú sna blianta ina dhiaidh sin, mura mbeadh fáil ag an ngnóthas ar aistrithe ón gciste do Chomhionannú Riosca. D'fhéadfaí an leagan amach trádála úd a mhaoiniú ó chúlchistí ar feadh tréimhse áirithe, ach thiocfadh inmharthanacht an ghnóthais chun deiridh go luath.

Níor ghlac an Bord an cinneadh úd go réidh. Ní amháin go raibh an Bord ag iarraidh a bheith freagrach i leith na mball, ach ghlac sé leis nach seasfadh an gnóthas go fadtréimhseach mar chuid de mhargadh pobalráitithe, mura mbeadh fáil ag na baill ar fíorphraghas pobalráitithe. Cuireadh an tuiscint seo in iúl go soiléir don Aire Sláinte agus Leanáí nuair a iarraidh cead an praghas a ardú de 3%, rud a bhí measartha beag, ó 1 Meán Fómhair 2004.

### Comhionannú Riosca

Is cúis mhillteanach díomá é an cinneadh a rinne an Tánaiste ar 27 Meitheamh 2005 gan ceadú a thabhairt do mholadh an Údarais um Árachas Sláinte go gcuirfí i bhfeidhm aistrithe do Chomhionannú Riosca, agus tá an baol ann go mbeidh an cinneadh céanna tubaisteach amach anseo do buanseasmhacht an mhargaidh árachais sláinte in Éirinn. Glacann Vhi Cúram Sláinte leis go bhfuil sé de cheart ag an Tánaiste an cinneadh críochnaitheach a dhéanamh faoi thabhairt isteach an Chomhionannaithe Riosca, ach mar sin féin, is mór an t-ábhar frustrachais é nach bhfuil an mheicníocht rí-thábhachtach seo i bhfeidhm fós in ainneoin na fianaise ón



ÚÁS a bhí ag tacú leis sin. Go deimhin, bhí moladh an ÚÁS ag teacht le conclúidí an iliomaid sainghrúpaí eile a rinne staidéar ar an margadh seo, mar shampla, an Grúpa Comhairleach ar Chomhionannú Riosca a bhunaigh an Rialtas sa bhliain 1998; Cumann na nAchtúirí sa bhliain 2002; an tÚdarás Iomaíochta sa bhliain 2002; an York Health Insurance Consortium sa bhliain 2003; agus FGS Consulting agus DKM Economic Consultants, iadsan araon sa bhliain 2005.

D'aontaigh na tuarascálacha neamhspleácha seo uile lena chéile ar mhórán buncheisteanna, ina measc:

- Ní féidir go mbeadh buanseasmhacht dinimiciúil ag margadh árachais sláinte a bhfuil saorchead isteach agus pobalrátúcháin ann ach gan Comhionannú Riosca i bhfeidhm.
- Sna cúinsí úd, beidh síordheacrachtaí airgeadais ag an árachóir a bhfuil aoisphróifíl níos sine aige (Vhi Cúram Sláinte), beidh na deacrachtaí úd ag dul in olcas de réir a chéile agus mar thoradh orthu, beidh brú ar an árachóir préimheanna a ardú de réir mar a rachaidh a chliantaí in aois.
- Ní bheidh ffor-iomaíocht ar bun mar nach mbeidh aon dreasacht ann do chomhlachtaí nua sa mhargadh dul san iomaíocht chun formhór na gcliantaí ag Vhi Cúram Sláinte - atá níos sine agus níos leochailí - a mhealladh.
- Beidh praghsáil an mhargaidh mar iomlán níos airde ná mar is gá.
- Beidh dreasacht ann d'árachóirí le haoisphróifílí níos óige díriú go hionsaitheach ar choda níos ísle riosca den mhargadh, a rogha daoine óga a mhealladh, buntáiste a fháil as costais éileamh a bheith níos ísle agus brabúis amhantair a shaothrú.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun a áiteamh ar an Tánaiste athmhachnamh a dhéanamh agus glacadh le moladh ÚÁS, agus Comhionannú Riosca a thabhairt isteach ó 1 Eanáir 2006 ar bhonn bunchothromais féin. Má theipeann uirthi an méid sin a dhéanamh, níl aon amhras ach go gclisfidh ar phobalrátúcháin in Éirinn le himeacht ama, agus dá bharr sin, go dtiocfaidh deireadh leis an bprionsabal go bhfuil árachas sláinte inacmhainne, feadh saoil, ar fáil.

Scríobh an Bord litir fhada chuig an Tánaiste inar leagadh amach go mion impleachtaí tromchúiseacha a cinnidh, do bhaill Vhi Cúram Sláinte agus d'innmharthanacht an ghnóthais féin. Is féidir an litir a léamh ar an suíomh idirlín, [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie). Bheartaigh na Stiúrthóirí gan costas an phobalrátúcháin a chur ar bhaill Vhi Cúram Sláinte nuair nach bhfuil Comhionannú Riosca i bhfeidhm, ach an costas a mhaoiniú ó na cúlchistí chomh fada is atá sin indéanta. Ghlac an Bord a chuid ama i mbun dianmhachnaimh ar an gcinneadh fíorchrú a bhí le glacadh aige, agus chuaigh sé i gcomhairle le comhairleoirí airgeadais is eacnamaíochta, leis na baill trí chomhairle chomhairleach na mball, leis an bhfoireann ag gach leibhéal agus le daoine eile ar bhonn aonair agus i ngrúpaí. D'aonghuth a ghlac an Bord a gcinneadh.

## Struchtúr Corparáideach

Le reachtaíocht shonrach a bunaíodh Vhi Cúram Sláinte mar fhoras reachtúil sa bhliain 1957. Cuireann an reachtaíocht seo (agus leasuithe uirthi níos déanaí) srianta gan ghá ar an gcineál straitéise gnó ar chóir d'eagraíocht chomh mór is chomh gníomhach le Vhi Cúram Sláinte a leanúint. D'iarr Bord Vhi Cúram Sláinte ar an Rialtas saoirse agus cumhachtaí

breise a cheadú dó ionas gur féidir leis an eagraíocht dul san iomaíocht go héifeachtúil agus méadú ar réimse na dtáirgí is na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Thug an Rialtas freagairt dhearfach ar an éileamh seo. Is féidir na hathruithe úd a chur i gcrích gan aon athrú glan ar úinéireacht Vhi Cúram Sláinte.

Tá lochtú áirithe déanta maidir leis an maolú a ceadaíodh do Vhi Cúram Sláinte ó na gnáthéilimh shócmhainneachta a leagtar síos do ghnóthais árachais. Tá sé ráite ar taifead ag Bord Vhi Cúram Sláinte go bhfuil sé i bhfách le coinníollacha cothroma i ngach cuid den mhargadh árachas sláinte. Chuir an tAire in iúl go dtarraingeoidh sí anuas reachtaíocht chun athrú a dhéanamh ar struchtúr corparáideach Vhi Cúram Sláinte agus comhlacht fo-stáit tráchtála, le fírinne, a dhéanamh de. Fáiltímid roimh an gcinneadh seo ach ní féidir linn a thuiscint olc ná maith cén fáth gur nascadh é leis an gcinneadh gan Comhionannú Riosca a ghníomhachtú. Mar thoradh ar gan Comhionannú Riosca a bheith ann, tá an lá curtha siar nuair a bheidh ar ár gcumas na héilimh shócmhainneachta a leagann Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann síos do cheadúnas árachais a shásamh. Thairis sin, gan Comhionannú Riosca, is cinnte nach bhféadfadh Vhi Cúram Sláinte réamh-mheastacháin airgeadais théagartha a chur ar fáil don Údarás Seirbhísí Airgeadais, rud atá mar réamh-choinníoll eile acu maidir le ceadúnas árachais a fháil.

## An Bord agus na Grúpaí Comhairleacha

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhpháirtithe ar an mBord as a ndíograis is a dtacaíocht i rith na bliana eachtrúla seo thart. Ba mhaith liom fáilte ar leith a chur roimh an mbeirt chomhlachtaí nua ar an mBord, an Banbharún Julia Neuberger agus

Jim Kelly, a chuir tús lena dtéarmaí oifige araon ar 1 Feabhra 2005. Táim cinnte go mbeidh ról suntasach acu ar an mBord agus aghaidh á tabhairt againn ar na dúshláin romhainn.

Ba mhaith liom freisin a chur in iúl chomh mór is atáimid faoi chomaoin ag Phil Flynn le naoi mbliana anuas. Ceapadh an tUasal Flynn ar dtús i mí Bealtaine 1996 agus chaith sé dhá théarma chéimíúla ar an mBord go dtí gur chinn sé éirigh as i mí Feabhra 2005.

Tá an t-ádh ar Vhi Cúram Sláinte go bhfuil tacaíocht agus comhairle ar fáil dó ó dhá choiste dheonacha. Is iad seo Comhairle Chomhairleach na mBall agus an Grúpa Comhairleach Leighis. Cuireann an dá ghrúpa seo sainchomhairle agus cumarsáid ar fáil ar chúrsaí atá chun leas ár seirbhíse dár mbaill. Is mór is fiú linn an t-am agus an dua a chaitheann baill na gcoistí seo le riaradh an ghnóthais.

## Ár gCuid Fostaithe

B'iomaí dúshlán a raibh orainn aghaidh a thabhairt orthu i rith na bliana atá faoi léirmheas. B'iontach mar a chruthaigh an bhainistíocht agus an fhoireann agus iad ag freagairt do na dúshláin úd. Ní gá a rá go bhfuil feabhas na seirbhíse dár gcustaiméirí ag brath go mór ar dhíograis, ar scil agus ar thiomantas ár gcuid fostaithe, agus go bhfuil an méid sin i gcroílár an ratha atá ar an eagraíocht. Is teist ar a gcuid oibre uile é go bhfuil beagnach 80% den mhargadh coinnithe ag Vhi Cúram Sláinte, tar éis beagnach ocht mbliana iomaíochta.

## Ómós

Ba mhaith liom ómós a thabhairt don mhéid a rinne ár gcar is ár gcomhleacaí, Kiran Manekar, a d'éag i rith na bliana. Bhí Kiran ar dhuine dár bhfoireann Forbairt Bhogearraí atá lonnaithe i gCill Choinnigh, agus airíonn a cairde is a comhleacaithe ag

Vhi Cúram Sláinte uathu go mór í. Ba mhaith linn ár gcomhbhrón ó chroí a roinnt le gach éinne a raibh aithne acu uirthi, agus go háirithe lena muintir san Ind. Suaimhneas síoraí di.

## Amach Anseo

I mbuiséad na bliana reatha, don tréimhse ó Mhárta 2005 go Feabhra 2006, tá cailiteanas á mheas ag Vhi Cúram Sláinte. Níl amhlaidh toisc bainistíocht neamhchríonna, toisc mí-éifeachtúlacht ná toisc teip maidir le smacht ar chostais. A mhalairt ar fad, tá Vhi Cúram Sláinte bródúil as an gcóimheas atá aige idir costais oibriúcháin agus rátaí préimhe, cóimheas atá ar cheann díobh siúd is éifeachtaí sa tionscal árachais ar fud an domhain, agus a bhfuil fúinn feabhas leanúnach a chur air. Níl ach cúis shimplí amháin leis an gcaillteanas réamh-mheasta, sé sin, an mhoill ar chur i bhfeidhm an Chomhionannaithe Riosca sa mhargadh pobalráitithe. Mar a dúradh níos luaithe, ghlac an Bord cinneadh sa bhliain 2004 fíorphréimh phobalráitithe a ghearradh ar na baill, in ainneoin nach raibh Comhionannú Riosca curtha i bhfeidhm. D'éilíomar méadú préimhe de bhreis bheag is 3%, tráth a raibh boilsciú leighis de bhreis is 10% ann. Ghlac an Bord an cinneadh seo ar son inmharthanacht fhadtéarmach an ghnóthais agus ar son leas dlísteanach na mball a chosaint. Tugann na réamh-mheastaí reatha le fios go mbeidh costais na n-éileamh os cionn 15% i rith na bliana airgeadais reatha.

Níl aon amhras ann ach go bhfuil Comhionannú Riosca riachtanach chun ár gcúrsaí airgeadais a chur ar bhonn seasmhach agus tús a chur le hatógáil ár gcuid cúlchistí go leibhéal a mbeidh glacadh tráchtála leis. Tá impleachtaí fíor-thromchúiseacha le cinneadh an Tánaiste ar 27 Meitheamh 2005 don 1.56 milliún ball atá againn agus do Vhi Cúram Sláinte mar iomlán. Áitimid ar an Tánaiste a machnamh a dhéanamh

ar mhórimpleachtaí na moille ar thús a chur leis an Scéim do Chomhionannú Riosca, a bhfuil foráil dó sa reachtaíocht, agus ar conas mar a rachaidh an mhoill seo i bhfeidhm ar phobalráitúchán agus ar bhuanseasmhacht an mhargaidh árachais sláinte phríobháidigh.

Tá muinín iomlán agam as scil, as díograis is as tiomantas an Bhoird, na Bainistíochta is na Foirne i Vhi Cúram Sláinte. Níl aon amhras orm ach go ndaingneoidh Vhi Cúram Sláinte a sheasamh mar cheannródaí i margadh árachais sláinte na hÉireann agus go mbeidh soláthar á dhéanamh aige do thomhaltóirí na hÉireann ar na táirgí agus ar na seirbhísí is nuálaí agus is fearr luach airgid ar feadh na mblianta romhainn.

**Bernard Collins**  
Cathaoirleach

07.00am 13.00pm 19.00pm 01.00am  
07.15am 13.15pm 19.15pm 01.15am  
07.30am 13.30pm 19.30pm 01.30am  
07.45am 13.45pm 19.45pm 01.45am  
08.00am 14.00pm 20.00pm 02.00am  
08.15am 14.15pm 20.15pm 02.15am  
08.30am 14.30pm 20.30pm 02.30am  
08.45am 14.45pm 20.45pm 02.45am  
09.00am 15.00pm 21.00pm 03.00am  
09.15am 15.15pm 21.15pm 03.15am  
09.30am 15.30pm 21.30pm 03.30am  
09.45am 15.45pm 21.45pm 03.45am  
10.00am 16.00pm 22.00pm 04.00am  
10.15am 16.15pm 22.15pm 04.15am  
10.30am 16.30pm 22.30pm 04.30am  
10.45am 16.45pm 22.45pm 04.45am  
11.00am 17.00pm 23.00pm 05.00am  
11.15am 17.15pm 23.15pm 05.15am  
11.30am 17.30pm 23.30pm 05.30am  
11.45am 17.45pm 23.45pm 05.45am  
12.00pm 18.00pm 24.00am 06.00am  
12.15pm 18.15pm 00.15am 06.15am  
12.30pm 18.30pm 00.30am 06.30am  
12.45pm 18.45pm 00.45am 06.45am

# ATHBHREITHNIÚ NA nOIBRÍOCHTAÍ

## Réamhrá

Tá codarsnacht iomlán le feiceáil idir ár gcuid gníomhaíochtaí gnó agus ár gcuid torthaí airgeadais ón mbliain 2004/05. Maidir le nuálacht agus cur i gcrích, d'éirigh thar barr linn i rith na bliana atá faoi léirmheas. Chuireamar réimse nua buntáirgí árachais sláinte ar an margadh, Roghanna Tréimhsí Saoil, a thagann go maith lenár réimse seanbhunaithe, Pleananna A go E. Ó cuireadh tús leis an bpolasaí árachais taistil Ilturais ó Vhi Cúram Sláinte i mí Feabhra 2004, tá ag éirí go hiontach leis, agus tá an margadh árachais taistil athraithe ó bhonn aige. Tionscnaimh nuálacha eile ná an plean nua árachais fiacloireachta, Fiacla DeCare Vhi agus Siopa Sláinte Vhi ar líne. Maidir le riarachán de, tháinig córas nua riaracháin pholasaithe, a raibh forbairt ar siúl air ar feadh dhá bhliain, i réim i mí Iúil 2004.

Agus an méid sin ráite, is cúis d'fómá dúinn a chur ar an taifead go bhfuil laghdú ábharach ar an mbarrachas. I rith na bliana airgeadais reatha, tá cailiteanas airgid ar an ngnóthas. Ina athbhreithniú siúd, tá cur síos ag an gCathaoirleach ar cén fáth ar tharla rud chomh tromchúiseach agus cén fáth a bhfuil géarghá le Comhionannú Riosca a thabhairt i bhfeidhm láithreach. Ní chuirfidh an cás ina bhfuilimid aon iontas ar dhaoine a léigh na Tuarascálacha Bliantúla le blianta beaga anuas. Leagamar amach go soiléir an géibheann airgeadais a bhí i ndán do Vhi Cúram Sláinte agus rinne ár gcuid iniúchóirí tagairt shonrach don easnamh a bhí le teacht dá gcuirfí moill ar Chomhionannú Riosca a chur i bhfeidhm.

## Buaicphointí na Bliana go 28 Feabhra 2005

- Ballraíocht iomlán ag 1.56 milliún, líon buaice gan sárú.
- €752 milliún íoctha ar éilimh ónár mbaill, ionann is €3 mhilliún á íoc gach lá oibre.
- Táirgí nua ar an margadh: ina measc, Roghanna Tréimhsí Saoil a dhéanann cumasc sainiúil idir cumhdach ospidéal agus cumhdach do chúram príomhúil; agus Fiacla DeCare Vhi, an t-aon táirge árachais fiacla atá ar fáil in Éirinn.
- Árachas taistil Ilturais ó Vhi Cúram Sláinte seolta i mí Feabhra 2004 agus athrú ó bhonn déanta aige ar mhargadh an árachais taistil bhliantúil. Cláraíodh 150,000 ball i rith na chéad bhliana agus tá meánráta de 380 polasaí nua á ndíol gach lá.
- Siopa Sláinte Vhi seolta mar sheirbhís ar líne do bhaill agus don phobal mór a bhfuil uathu earraí agus seirbhísí sláinte a cheannach ar luachanna iomaíocha.
- Próiseáil déanta ar 493,000 éileamh agus ar 1.2 milliún sonrasc dochtúra.
- 4.3 milliún teagmháil le custaiméirí.
- Feabhsú suntasach ar sheirbhísí agus ar shochair: ina measc, ceadú d'áiseanna breá nua dár mbaill ag Clinic na Gaillimhe agus ag Ospidéal Barrington,
- Rátaí préimhe mac léinn ar fáil anois le gach plean; agus méadú ar chumhdach máithreachais na mball le gach plean ó mhí Eanáir 2005.

## Ballraíocht, Díolacháin agus Seirbhís do Chustaiméirí

### Árachas Sláinte

I rith na bliana tháinig méadú 6% ar dhíolachán buntáirgí nua i gcomparáid leis an mbliain roimhe, roghnaigh 67,000 ball nua Vhi Cúram Sláinte mar árachóir agus chuir díolacháin nua beagnach €39 milliún le hioncam préimhe. Shroich an bhallaíocht

iomlán an bhuaic is airde riamh, agus 1.56 milliún ball faoi árachas (A-E, Roghanna, B le Barrachas, Roghanna Tréimhsí Saoil agus Plean P), rud a shaothraigh beagnach €869 milliún mar ioncam préimhe iomlán go dtí deireadh Feabhra 2005.

Le linn 2004/05, chinntigh an straitéis éagsúlaithe atá againn go rabhamar ar an árachóir amháin in Éirinn le táirgí a bhí oiriúnaithe do gach custaiméir corparáideach ar leith, lenár dtáirge sainiúil Réitigh do Lánchúram Sláinte. Leis seo, is féidir táirgí a mheascadh is a mheaitseáil de réir mar a oireann do riachtanais na bhfostaithe agus do bhuiséid na bhfostóirí araon, rud a thugann deis do Vhi Cúram Sláinte ní amháin baill a choimeád ach gnó nua a mhealladh freisin.

Cúis sásaimh ar leith dúinn an díolachán ar ár bpleananna nua Roghanna Tréimhsí Saoil, agus an díolachán iomlán ón dáta seolta i mí Dheireadh Fómhair go dtí deireadh Feabhra thart ar 46% os cionn sprice. Ní haon iontas é seo, ó tharla go sáraíonn na táirgí seo ar gach táirge eile ar an margadh maidir le gnéithe, le solúbthacht agus le praghsanna. Mar shampla, tá móréileamh ar ár dtáirge Plean Teaghlaigh Plus, mar a bhfuil an phréimh thipiciúil do theaghlach le beirt fásta agus beirt leanaí 10-13% níos saoire ná a mhacasamhail ónár n-iomaitheoirí.

## Táirgí agus Seirbhísí Eile

Chuir an teacht isteach ó tháirgí is ó sheirbhísí neamhlárnacha go mór le hioncam an chomhlachta le linn 2004/05. Tháinig méadú 34% ar ár dtáirge do chúram príomhúil Céimeanna Sláinte agus tháinig méadú 31% ar an teacht isteach ó Chéimeanna Sláinte i rith na tréimhse. Chabhraigh sé leis na torthaí suntasacha seo gur beartaíodh préimheanna Céimeanna Sláinte a laghdú agus méadú ar leibhéil na sochar do pholasaithe ar déanadh athnuachan orthu ó mhí Aibreáin 2004.

Bliain amháin tar éis gur seoladh táirge taistil Ilturais ó Vhi Cúram Sláinte, tá sé le tuairisciú gur díoladh os cionn luach €5 mhilliún de, agus gur ghlac beagnach 150,000 ball an cumhdach. Sáraíonn na figiúir seo go mór ar a rabhthas ag súil leis. Tá sé aitheanta anois ag saineolaithe neamhspleácha go bhfuil an costas ar árachas taistil gearrtha suas le 50% i gcásanna áirithe, ó tháinig táirge an Vhi ar an bhfód. Meastar cheana féin go bhfuil scar 26% den mhargadh árachais ilturais bainte amach ag Vhi Cúram Sláinte.

Idir an dá linn, sáraíodh le 36% ar an sprioc díolacháin i gcás Domhanda, ár dtáirge árachais sláinte dóibh siúd atá ag dul ar thurasanna fada thar lear.

Maidir le Réitigh Chorparáideacha, tháinig méadú 80% ar an teacht isteach i gcomparáid leis an mbliain roimhe, agus méadú suntasach ar líon na gcliantaí ag táirgí Sláinte Cheirde agus Clár Cúnaimh d'Fhostaithe araon. Mar shampla, tá cumhdach ag 10,000 duine i gcás an Chláir Cúnaimh d'Fhostaithe amháin.

I rith na bliana, sheolamar Fiacla DeCare Vhi, ár dtáirge sainiúil árachais fiacra. Is comhfhiontar é seo le DeCare International, an soláthróir árachais fiacra is mó sna Stáit Aontaithe. Is coincheap nua don tomhaltóir in Éirinn é an t-árachas fiacra, agus chun go mbeidh rath air, ní foláir go sroichfidh an tír seo caighdeán idirnáisiúnta maidir le feasacht agus le pleanáil do chúram fiacra.

Go mall sa bhliain 2004, sheol Vhi Cúram Sláinte seirbhís shainiúil nua ar líne, Siopa Sláinte Vhi, a chuireann ar chumas na mball agus an phobail mhóir earraí agus seirbhísí a bhaineann le cúrsaí sláinte a cheannach ag luachanna iomaíocha tríd an suíomh idirlín [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie). Tá an-rogha earraí ar fáil, ina measc muilte coise, peidiméadair is rothair aclaíochta, earraí do mháithreacha is leanaí agus lionsaí tadhail. Ní amháin

go bhfuil na luachanna go maith, ach seachadtar na hearraí a cheannaítear ar líne saor in aisce go dtí na baill, rud a chinntigh trádáil bhríomhar i Siopa Sláinte Vhi i rith na chéad chúpla mí. Tá muinín againn go bhfuil forás breá téagartha i ndán don tseirbhís nuálach seo i rith na mblianta beaga le teacht.

## Seirbhís do Chustaiméirí

Tá cáil ar Vhi Cúram Sláinte as feabhas na seirbhíse do chustaiméirí. Níl aon scarshealbhóirí againn agus níl fúinn ach freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí. Tugadh tosaíocht riamh don teagmháil lenár gcuid ball. I rith na bliana, dhíríomar ar fheabhas a chur ar mhínicíocht agus ar chaighdeán na cumarsáide lenár gcuid ball.

I rith an tréimhse dhá mhí dhéag, rinneamar níos mó ná 4.3 milliún teagmháil lenár gcuid ball, le fón, le rphost, leis an bpost, le téacsáil agus le plé le daoine a bhuaile isteach chuig ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath, i nDún Laoghaire, i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh is i gCill Choinnigh.

Tá fíor-infheistíocht déanta ag Vhi Cúram Sláinte chun uasghrádú a dhéanamh ar chórais FT, ionas gur féidir feabhsú ar theagmhálacha le baill. Ó cuireadh i bhfeidhm córas bainistíochta ríomhphost, tá an bhainistíocht ar ríomhphost níos leanúnaí agus níos táirgiúla. Leis an gcóras nua, is féidir linn logáil, monatóireacht, freagairt agus tuairiscíocht a dhéanamh ar an trácht mór ríomhphost atá againn. In ainneoin go raibh forás 50% in aghaidh na bliana ar an trácht ríomhphost le cúig bliana anuas, tá sé mar thoradh ar an gcóras nár ghá méadú ar líon na ndaoine a láimhseálann na ríomhphoist. Déantar taifead ar gach glao fóin isteach chuig ár lárionad glaonna i gCill Choinnigh, atá den deardh is déanaí, chun traenáil leanúnach na foirne a éascú agus chun measúnú a dhéanamh ar an gcaighdeán seirbhíse do chustaiméirí a chuireann an áis seo ar fáil. Tá tionchar nach beag ag an tionscnamh nua seo ar

chaighdeán an eolais a chuirimid ar fáil do bhaill agus tá sé riachtanach do leanúnachas na seirbhíse.

Is iomaí uair a moladh sinn as cáil na seirbhíse do chustaiméirí le blianta beaga anuas. Níorbh aon eisceacht í an bhliain 2004/05, nuair a bronnadh Duais Churadh an Tionscail ar fhoireann lárionad teagmhála Vhi Cúram Sláinte ag Duaiseanna na Lárionad Glaonna san Eoraip 2004, a bhí ar siúl sa Bhreatain. Thug an duais aitheantas don sársheachadhadh ar sheirbhís do chustaiméirí agus léirigh sí an t-ardchaighdeán atá bainte amach ag Vhi Cúram Sláinte laistigh de thionscal na lárionad glaonna in Éirinn agus ar fud na hEorpa. Thairis sin, bronnadh Duais Náisiúnta Cáilíochta agus Feabhais Ghnó ar Vhi Cúram Sláinte, faoi scáth na heagraíochta Feabhas Éireann, mar aitheantas ar shárchur i gcrích agus ar ghealltanais i leith feabhais leanúnaí. Freagraíodh os cionn 90% de ghlaonna fóin chuig ár líne seirbhíse do chustaiméirí laistigh de dheich soicind, agus is féidir leis an té a fhreagraíonn an glao freastal ar thromlach na bhfiosrúchán.

## Seirbhísí Sláinte do Bhaill

Le linn 2004/05, d'íoc Vhi Cúram Sláinte níos mó ná €752 milliún mar shochair ar éilimh na mball – ionann is €3 mhilliún gach lá oibre ar an meán. Níl aon árachóir sláinte eile in Éirinn ag soláthar leibhéal sochar dá chuid ball atá inchomparáide leis.

Tá sé mar aidhm ag Vhi Cúram Sláinte rochtain a sholáthar don chúram sláinte is nua-aoisí, is inacmhainní agus is fearr cleachtas dá bhfuil ann inniu. Sa timpeallacht iomaíoch ina bhfuilimid ag feidhmiú anois, agus sinn ag dul i ngleic le síormhéadú ar chostais leighis agus ar líon na n-éileamh, déanaimid ár ndícheall a chinntiú go gcoinnítear srian maith ar chostais na seirbhísí úd. Ní fhéadfaí é seo a chur i gcrích gan páirtnéireacht le réimse soláthróirí cúram sláinte, go háirithe ospidéal agus dochtúirí.

An treocht ar fud an domhain anois ná breis seirbhísí a sholáthar ar bhonn cúram lae, mar gurb amhlaidh is féidir an cúram is éifeachtúla maidir le costas a chur ar fáil i gcúinsí atá cuí ó thaobh leighis agus gnáthaimh de. Anuraidh, bhí os cionn 65% de na héilimh uile a d'íoc Vhi Cúram Sláinte bunaithe ar chúram ar bhonn lae. Is féidir an figiúr seo a chur i gcomparáid le 38% d'éilimh sa bhliain 1996, agus tá sábháil airgid os cionn €100 milliún in aghaidh na bliana mar thoradh air dár gcuid ball.

Bíonn síor-idirbheartaíocht ar bun againn le réimse mór soláthróirí. I rith na bliana seo caite, bhí socruithe maidir le táillí ag Vhi Cúram Sláinte le 107 áis leighis san iomlán, agus orthu siúd bhí 37 ospidéal príobháideach. Thairis sin, d'aontaigh 99% de chomhairligh ospidéal go nglacfaidís le táillí Vhi Cúram Sláinte mar íocaíocht iomlán ar sheirbhísí do bhaill. Mar aon leis sin, d'aontaigh Vhi Cúram Sláinte táillí le 149 teach altranais, 23 ionad MRI, 13 ionad saotharlainne agus raideolaíochta diagnóisí, 6 chomhlacht otharcharr agus áis do scanadh PET/CT. Tugann na socruithe seo cinnteacht agus faoiseamh intinne ó bhuairt airgeadais agus cuireann siad ar ár gcumas réamhinsint bheacht a thabhairt ar mhéid na híocaíochta ar chóiríocht, agus ar tháillí teicniúla agus gairmiúla. Ní dhéanann aon árachóir sláinte eile idirbheartaíocht chomh mion le soláthróirí leighis is a dhéanann Vhi Cúram Sláinte.

Cheadaigh Vhi Cúram Sláinte áiseanna nua d'úsáid na mball, agus ina measc bhí Clinic na Gaillimh, den dearadh is déanaí; dhá ionad nua MRI sa Tulach Mhór agus i Sligeach; agus Ospidéal is Ionad Leighis Barrington i Luimneach, atá ar an gcéad áis neamhspleách do chúram lae a chuireann cóireáil mháinliachta agus dhiagnóiseach ar fáil do bhaill an Vhi i Lár-larthar na tíre.

Ní hionann is an méid a bhí le rá ag roinnt forbróirí maoine, níl aon bhac á chur ag Vhi Cúram Sláinte le forbairt ar spás ospidéal nua. Ach ní hé ár ngnó é sintiúis ár gcuid ball a úsáid chun solás a sholáthar d'fhorbróirí. Ní thabharfaimid cumhdach ach do na háiseanna a bhfuil luachanna iomaíocha an mhargaidh ag gabháil leo.

Mar bharr ar na táirgí is na seirbhísí nua a chuireamar ar an margadh (mar a léiríodh cheana) agus ar na háiseanna nua a ceadaíodh, mhéadaíomar freisin ar réimse na sochar atá ar fáil faoi scáth na dtáirgí is na seirbhísí a bhí ann cheana. Ina measc siúd:

- Méadú ar dheontais máithreachais – do bhaill na bpleananna uile a rinne athnuachan ar nó tar éis 1 Eanáir 2005;
- Méadú ar shochair do chúram réamhbhreithe agus iarbhreithe, agus d'Altranais Baile Leanaí;
- Rátaí ballraíochta do mhic léinn ar fáil i leith gach pleain, i gcás athnuachana ó Dheireadh Fómhair 2004 ar aghaidh;
- Méadú ar shochair MRI do scanadh othar cónaitheach agus othar seachtrach araon, agus ceadú d'áiseanna nua scanaithe ag Ospidéal Ginearálta na Tulaí Móire agus ag Ospidéal Ginearálta Shligigh.
- Ceadú d'áiseanna scanaithe PET/CT do bhaill le pleananna A-E agus Roghanna A-E ag Clinic na Carraige Duibhe, Baile Átha Cliath. Is féidir aimsiú níos beaichte a dhéanamh ar ailse leis an scanóir PET/CT.

Déanaimid taighde leanúnach ar shásamh othar chun a chinntiú go bhfuil ardleibhéil sástachta i measc na mball, go háirithe maidir le cóiríocht, cúram leighis agus altranais, compord i gcoitine agus éifeachtacht láimhseála ar na héilimh. Léiríonn sonraí an taighde is déanaí a rinneamar gur

iontráladh triúr as gach ceathrar a raibh gá acu le máinliacht lae in ospidéal príobháideach laistigh de cheithre sheachtain ón uair ar atreoraíodh iad.

Chun cur fós le feabhas na seirbhíse maidir le láimhseáil éileamh, tá tús curtha ag Vhi Cúram Sláinte le córas nua a chur i bhfeidhm d'éilimh, a bhfuil sé mar aidhm aige tacú le huathphróiseáil éileamh i dtimpeallacht iltáirgí. Beidh buntáistí ag an gcóras nua maidir le feabhas solúbthachta, freagairte, éifeachtachta agus ardú caighdeáin. Is mór an tionscnamh é seo agus cuirfear críoch leis an obair, babhta ar bhabhta, i gcaitheamh na 18 mí atá le teacht.

## Torthaí Airgeadais

Feidhmíonn Vhi Cúram Sláinte mar eagraíocht neamhbhrabúis. Is éard a chiallaíonn seo ná go gcuirtear aon bharrachas a shaothraítear faoi dheireadh na bliana i leataobh mar shaor-chúlchistí, rud a thugann cosaint do na baill agus a cheadaíonn ath-infheistíocht ar mhaithe le feabhsú sochar agus seirbhísí.

Príomhghnéithe na dtorthaí airgeadais ná:

- Laghdú de 94% ar bharrachas iarchánach, ó €62.3m go €3.9m. Tá laghdú ar an mbarrachas toisc nach raibh an t-ardú praghais a tugadh i mí Mheán Fómhair '04 teacht leis an méadú ar chostais na n-éileamh agus toisc nach ndéanfar Comhionannú Riosca a ghníomhachtú le linn 2005. Bhí an t-ardú ar rátaí préimhe sa bhliain 2004 beag ar dhá chúis:

1. Bhí barrachas eisceachtúil ann don bhliain 2003/04 agus sháraigh sé ar sprioc an bharrachais, a bhí ag €40m (sé sin, 5% den ioncam préimhe). Rinne an Bord cinneadh a fógraíodh le foilsíú na dtorthaí go dtabharfaí an barrachas



Tamhlacht, BÁC 24.

iomarcach ar ais do na baill trí laghdú ar an ardú préimhe ar 1 Meán Fómhair '04. Dá bharr seo, laghdáíodh ar an ráta méadaithe ar phréimheanna de 2.5% nó mar sin.

2. Thairis sin, chinn an Bord go raibh sé de cheart ag baill Vhi Cúram Sláinte préimh a bhí pobalráitithe go fírinneach a íoc, ós margadh pobalráitithe a bhí in ainm is a bheith ann. Diúltaíodh an deis seo do na baill ón mbliain 1996, nuair a tugadh iomaíocht sa mhargadh, toisc nach raibh ciste ann do Chomhionannú Riosca. Bhíothas ag éileamh ar bhaill an Vhi Cúram Sláinte préimheanna níos airde a íoc ar mhaithe le seasmhacht an mhargaidh a chothabháil. De bharr an chinnidh a rinne an Bord, tharla laghdú aon uaire de cheithre phointe céatadáin ar ráta méadaithe na bpréimheanna i mí Mheán Fómhair 2004.

Nuair a cuireadh an méid seo thuas san áireamh, bhí an méadú iarbhair ar phréimheanna ag 3% ar 1 Meán Fómhair 2004. Ní féidir le Vhi Cúram Sláinte fíorphréimh pobalráitithe a ghearradh agus fócsaí le hinmharthanacht airgeadais, nuair nach bhfuil Comhionannú Riosca i bhfeidhm. Mura gcuirtear Comhionannú Riosca i bhfeidhm, beidh cailteanais airgeadais ann i rith na bliana go 28 Feabhra, 2006, agus sna blianta ina diaidh, ar aon dul leis an titim ábharach brabúis a bhí ann i rith na bliana go 28 Feabhra, 2005. Sa dá thuarascáil dheiridh, thug na hiniúcháirí suntas don bhaol úd go mbeidh easnaimh ann sna blianta le teacht agus go mbeidh tionchar tromchúiseach aige seo ar sheasamh airgeadais an ghnóthais.

- Saothraíodh préimh thuillte de €868.7m i rith an bliana, ionann is 8% de mhéadú ar an mbliain roimhe. Bhí seo mar thoradh, don chuid ba mhó, ar na méadaithe préimhe ón mbliain roimhe agus freisin, ón méadú ballraíochta de 7,000 nó mar sin. Ag 28 Feabhra 2005, bhí an bhallaíocht iomlán árachais sláinte ag 1.56 milliún duine.
- Mhéadaigh costais na n-éileamh de 13.4% le linn 2004/05. Na cúiseanna ba mhó leis seo ná an costas ar nuatheicneolaíocht leighis agus ar áiseanna nua leighis a bheith ar fáil; méaduithe dédhigiteacha i dtáilí do leapacha iníochta in ospidéal phoiblí; agus ráta boilscithe do chúrsaí leighis i gcoitinne os cionn 10% sa bhliain.
- Méadú de €53.4m ar an gcúlchiste rioscaí neamhchaite ó €50.8m go €104.2m. Tá na cúlchiste seo ann toisc an cinneadh a rinne an Bord soláthar a dhéanamh do chaillteanais réamh-mheasta ar chonarthaí athnuaithe, nó le hathnuachan, suas go Meán Fómhair 2006. Cuirtear san áireamh leis an gcinneadh seo nach leor an méadú préimhe de 3% ó Mheán Fómhair 2004 chun barrachas a sholáthar le linn 2005/06.
- Bhí costais oibriúcháin ag 8.6% den ioncam préimhe. Méadú beag a bhí anseo ar an gcoimheas de 8.3% a bhí ann an bhliain roimhe, rud a cuireadh i gcrích tar éis go raibh laghdú ann ar feadh trí bliana i ndiaidh a chéile, agus an méid sin ar lorg buaicphointe de 11.8% sa bhliain 2001. An phríomhchúis leis an méadú seo ná gur cuireadh an córas nua riaracháin polasaithe i bhfeidhm i mí Iúil '04, agus dá bharr, bhí an chéad mhuirear dímhéasa ann i rith na bliana airgeadais seo. Tá Vhi Cúram Sláinte fós ar cheann de

na comhlachtaí árachais is éifeachtaí ar domhan, agus coimheasanna costas os cionn 12% den ioncam préimhe le tuairisciú ag formhór na n-árachóirí.

## Forbairt Teicneolaíochta

I mí Iúil 2004 cuireadh i bhfeidhm córas úrnua riaracháin, athnuachana agus billeála (RAB) ar pholasaithe. Ghlac sé dhá bhliain an córas nua a fhorbairt mar chomhfhiontar idir Vhi Cúram Sláinte agus comhlacht idirnáisiúnta forbairt bhogearraí. Tá an córas ar fáil anois mar phacáiste árachais sláinte. Beidh dleachtanna le fáil ag Vhi Cúram Sláinte ó na díolacháin. Go dtí seo, tá díolachán amháin déanta le hárachóir sláinte sa Bhreatain.

Ar chostas €26.4m, cuireadh teicneolaíocht RAB ar chumas Vhi Cúram Sláinte:

- Éascú ar thabhairt isteach táirgí agus seirbhísí nua.
- Feabhsú ar sheirbhís laethúil do chustaiméirí aonair agus do ghrúpbhaill.
- Laghdú ar chostais trí uathoibriú ar phróiseis láimhe.

Chun RAB a fhorbairt, bhí mór-infheistíocht de dhíth maidir le foireann, planáil, dearadh, infrastruktúr agus airgeadas. Ba mhór an dúshlán é córas a chur ar fáil le freastal ar mhargadh iltáirgí, ach creidimid go bhfeicfead feasta gur mhór ab fhiú an cinneadh sin a dhéanamh. Leanfaimid orainn le forbairt is le feabhsú na seirbhíse dár gcustaiméirí, le soláthar áiseanna féinseirbhíse bunaithe ar an ngréasán, dár gcuid ball aonair is dár ngrúpbhaill chorparáideacha.

Tá obair tosaithe anois ar ár gcóras éileamh nua a fhorbairt agus, mar chuid den obair forbartha, dearadh



córas nua sreafa oibre, rud a chuirfidh leis an uathoibriú ar phróiseis láimhe agus a chabhróidh chun freagairt seirbhíse níos fearr a chur ar fáil do bhaill atá ag fiosrú cá seasann a n-éilimh.

Beidh ról lárnach feasta ag infheistíocht teicneolaíochta maidir le feabhsú leanúnach ar éifeachtacht agus ar sheirbhís custaiméirí Vhi Cúram Sláinte. Is féidir tábhacht na teicneolaíochta a thuiscint i gceart nuair a mheabhraítear go dtagann thart ar €900m isteach chugainn ó bheagnach 1.56 milliún custaiméirí mar thráth-íocaíochtaí míosúla, go ndéanaimid próiseál ar luach €3m d'éilimh gach lá oibre agus go ndéanaimid freastal ar 4.3 milliún teagmháil le baill gach bliain.

## Forbairt ar Acmhainní Daonna agus ar Áiseanna

Fostaímid 890 duine (ionann is 809 fostaí lánaimseartha) lonnaithe i sé láthair ar fud na hÉireann. Tá beagnach 70% dár bhfostaithe in aois 18 – 40.

Dar le Vhi Cúram Sláinte, tá traenáil agus forbairt ár gcuid fostaithe i gcroílár rath leanúnach na heagraíochta. Go deimhin, aithnímid mar bhunluach gur 'ar dhaoine is mó atáimid ag brath'. Agus dá réir sin, déanaimid infheistíocht shuntasach maidir le traenáil is le forbairt foirne, agus tá ráta coinneála 96% againn, rud a chinntíonn nach traenáil gan tairbhe í ar earcaigh nua, agus mórchostas air sin. Creidimid go bhfuil an infheistíocht úd ríthábhachtach le go n-éireodh leis an ngnóthas go fadtéarmach, agus go gcabhraíonn sí go mór linn fostaithe den scoth a choinneáil.

Le linn 2004/05 chuir Vhi Cúram Sláinte, i gcomhar le Coláiste Náisiúnta na hÉireann, cúrsa staidéir saincheaptha, creidiúnaithe ar fáil do 28 Bainisteoir Cuntas Grúpscéime, faoin teideal "Díol Comhairleach".

Thairis sin, rinne na bainisteoirí agus na cinnirí foirne uile cúrsa ar fhorbairt cinnreachta in Institiúid Bhainistíochta na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Faoi láthair, tá 16 fostaí againn i mbun staidéir do cháilíochtaí i mBainistíocht Tionscnamh, faoi scáth an Bhoird Scrúduithe ar Chórais Faisnéise. Rinne beirt bhainisteoir sinsearach freastal ar an gClár Bainistíochta Sárfhorbartha i Scoil Ghnó Idirnáisiúnta INSEAD ag Fontainebleau gar do Pháras; agus ghlac bainisteoir sinsearach eile páirt i gclár forbairt bainistíochta faoi stiúir Chónaidhm Idirnáisiúnta na bPleananna Sláinte. Tacaítear le baill foirne ag gach leibhéal atá ag gabháil do cháilíochtaí gairmiúla agus tríú leibhéal.

Maidir le traenáil inmheánach de, dhíríomar ar an riachtanas traenála do bhreis is 300 ball foirne a bhí ag teastáil chun an córas nua riaracháin, athnuachana is billeala (RAB) a fheidhmiú. B'éigean dár bhfoireann traenála féin clár a dhearadh agus a chur ar siúl a chuirfeadh ar chumas gach éinne den 300 an obair a dhéanamh go beacht. Ba mhór agus ba chasta an dúshán praiticiúil é seo. Cuireadh an traenáil ar siúl ar chúig láthair ar fud na tíre, agus traenáil shaincheaptha á cur ar gach duine ar leith ar feadh cúig go hocht lá, i gcaitheamh thréimhse ocht seachtainí.

San iomlán, cuireadh 13,592 uair an chloig traenála ar siúl i rith an ama seo, agus an fhoireann traenála ag obair sé lá in aghaidh na seachtaine chun an saothar ollmhór a chur i gcrích. B'iontach an díograis a éilíodh ar gach éinne a ghlac páirt ann, agus mar thoradh air, d'éirigh le cur i bhfeidhm thionscnamh RAB.

Cuireadh mórchlár oibre ar bun freisin chun uasghrádú agus oiriúnú as an nua a dhéanamh ar an gceannáras i mBaile Átha Cliath agus leanfar den obair le linn na bliana 2005. Is iomaí buntáiste a bhainfidh le huasghrádú na n-áiseanna:

ina measc, úsáid níos éifeachtaí as an spás oibre; feabhas ar chumarsáid; breis solúbthachta toisc dearadh modúlach; agus timpeallacht oibre a chuidíonn le fostaithe.

## Forbairt branda

Le linn 2004/05, díriodh ár gcuid gníomhaíochtaí feasachta branda ar théamaí a chothaigh folláine agus nós maireachtála sláintiúil, agus iad ag tacú leis an mana, 'Nuair atáimid uait, táimid ann'. I measc na ngníomhaíochtaí cumarsáide, bhí:

- Fógraíocht: Feachtas feiceálach fógraíochta faoinár sraith nua-sheolta pleananna, Roghanna Tréimhsí Saoil, agus na fógraí dírithe ar an gcaoi ina dtugann Vhi Cúram Sláinte taca agus suaimhneas intinne do bhaill ag gach tréimhse dá saol. Cuireadh sraith fógraí ar siúl freisin faoi na pleananna árachais nua-sheolta Fiacla DeCare Vhi, an chéad chuid dá sórt in Éirinn.
- Cumarsáid Lom Díreach le Baill: Seoladh amach os cionn 250,000 imlitir réamh-athnuachana chuig baill i rith na bliana chun suntas a thabhairt do tháirgí nua is do d'fheabhsuithe sochar. Mar aon leo, cuireadh iris ráithiúil, 'Beatha agus Sláinte' amach go dtí na baill ag an dáta athnuachana, agus altanna ann faoi shaol folláin, mar aon le tairiscintí speisialta do bhaill agus sonraí ar fheabhsuithe seirbhísí.
- Táirgí agus Seirbhísí Nua: Mar chuid den straitéis éagsúlaithe, chuir Vhi Cúram Sláinte ócáidí seolta feiceálacha ar siúl chun suntas a thabhairt do tháirgí is do sheirbhísí spreagúla nua, ina measc ár dtáirge sainiúil Fiacla DeCare Vhi, an t-árachas taistil Iturais ó Vhi Cúram Sláinte, Roghanna Tréimhsí Saoil, agus Siopa Sláinte Vhi ar líne.

- Réitigh do Lánchúram Sláinte: I rith na bliana, nochtaigh Vhi Cúram Sláinte Réitigh do Lánchúram Sláinte, pacáiste oiriúnaithe do chustaiméirí corparáideacha, a thugann deis do ghnólachtaí táirgí agus seirbhísí a mheascadh agus a mheaitseáil de réir mar is fearr dá n-eagraíocht is do riachtanais a bhfostaithe.
- Urraíochtaí: Ina measc seo bhí imeachtaí sláinte is aclaíochta ar nós an **Bleais Rince Vhi 2004** – teacht le chéile spráúil rince a thugann deis d'Éireannaigh céimeanna rince a fhoghlaim ó mhórchóragrafoirí idirnáisiúnta; **Cuan na Gaillimhe 10** – an rás bóthair carthanachta is mó in Éirinn, agus an t-airgead ar fad a bailíodh ag dul do Cúram Ailse an Iarthair. I measc na n-urraíochtaí gnó bhí Comhdháil Eorpach ar Chúram Leighis – ‘Claochlú ar Chúram Leighis san Eoraip Úr’ – a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath; agus Duaiseanna Feabhais Ghnó na gCumann Lucht Tráchtála, i gcomhar le Cumainn Lucht Tráchtála i gCorcaigh, i nDún Dealgan, i gCill Choinnigh, i Maigh Eo agus i bPort Láirge.
- **‘Folláin Chun Spóirt’**: I gcomhar le Cumann Peile Rugbaí na hÉireann, chuir Vhi Cúram Sláinte lena raibh bainte amach an bhliain roimhe agus deis ag scoileanna i gCúige Chonnachta páirt a ghlacadh sa chlár sainiúil seo. Clár sé seachtaine atá ann, le feabhas a chur ar scileanna gluaiseachta is ar sholúbthacht leanaí. Déantar seo trí spreagadh a thabhairt do leanaí bunscoile a bheith níos gníomhaí agus níos maireachtála níos sláintiúla a chleachtadh.

Le linn 2004/05, rinneadh bisiú suntasach ar ár ndoras sláinte [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie), ar mhaithe lenár gcur i láthair ar líne a neartú, le luach níos fearr a sholáthar dár gcustaiméirí agus ag an am céanna, le feachtas agus tuiscint a chothú ar cheisteanna sláinte.

Tá méadú faoi thrí ar ár dteacht isteach ón ngréasán le bliain anuas, ó chuireamar gnéithe nua leis an suíomh: ina measc, ‘Fiafraigh den Saineolaí Tuistíochta’; clár chun cabhrú le daoine éirí as tobac; Siopa Sláinte an Vhi; agus rochtain níos simplí ar ghabháil le pleananna ar líne.

Tá 94,000 ball cláraithe leis an suíomh, sin méadú de 34% i rith na bliana, agus tugtar beagnach 200,000 cuairt ar an suíomh in aghaidh na míosa. Logáil leann 33,000 ball isteach gach mí chun leas a bhaint as seirbhísí eisiacha do bhaill amháin, ar nós comórtas agus lascaí speisialta. Táthar ag súil go méadóidh ar an éileamh ar shiopadóireacht idirlín in Éirinn i rith na mblianta le teacht, agus ó tharla go bhfuil rochtain rialta ar an idirlíon ag triúr as gach ceathrar ball den Vhi, táimid dóchasach go mbeidh [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie) feasta, mar atá inniu, ar an doras faisnéise sláinte is mó éilimh in Éirinn.

## Freagracht Shóisialta

Aithníonn Vhi Cúram Sláinte an tábhacht atá le comhpháirtíocht freagrachta ar mhaithe le sláinte leanúnach agus le hardchaighdeán beatha ar fud na hÉireann. Tá an gealltanas a thugaimid tacú lenár gcuid ball agus leis an bpobal i gcoitinne in Éirinn ag teacht lenár luacha corparáideacha agus ár bhfísráiteas (sé sin, ‘ag obair le chéile ar son leas ár gcustaiméirí’). Tacaímid go gníomhach lenár mbaill gach tréimhse dá saol ar mhaithe le saol folláin a chaitheamh, tinneas a chosc, agus i gcás tinnis, rochtain a chinntiú ar an gcúram is fearr agus is oiriúnaí.

I dteannta le rochtain fadsaoil a sholáthar do chúram sláinte den scoth, cinntimid go mbíonn tionchar dearfach ag ár gcuid oibríochtaí gnó ar an bpobal trí chéile.

Déanaimid athchúrsáil ar ár gcuid páipéir, buidéal, cannaí dí, cartúis phrionta, ceallraí caite agus trealaimh gan feidhm go léir. I rith na bliana,

chuireamar os cionn 203,360cg páipéir le hathchúrsáil, ionann is dóthain le 2,117 crann a thabhairt slán.

Le linn 2004/05, chruinnigh fostaithe Vhi Cúram Sláinte €17,750 san iomlán trí asbhaint tuarastail shaorálach, agus dáileadh an tsuim sin ar 57 cumann carthanachta cláraithe éagsúla atá ag obair ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina theannta sin, tugadh deonachán carthanach corparáideach ar luach €20,000 don Aonad Diabéitis Péidiatrach in Ospidéal Thamhlachta.

I mí Eanáir 2005, chruinnigh Vhi Cúram Sláinte €138,000 ar son na dteaghlach is na n-íobartach a buaileadh ag Tubaist an Tsunami san Áis. Cruinníodh an tsuim seo le deonacháin airgid ó fhostaithe, le deonachán ón ngnó agus freisin le feachtas deonach dar teideal ‘déan lá oibre saor in aisce’ ag fostaithe Vhi Cúram Sláinte. Bronnadh an t-airgead a cruinníodh go díreach ar Chiste Thubaist na hÁise de chuid Chumann na Croise Deirge in Éirinn.

Le roinnt blianta anuas, tá tacaíocht tugtha againn do phobail trí pháirtíocht i gclár Gnóthachan na Sóisear/Fiontraíocht Óige. Is cláir iad do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna, a ceapadh chun cabhrú le daoine óga tuiscint a fhorbairt ar na scileanna a mbeidh gá acu leo ní amháin ar scoil ach sa saol amach rompu. Gach bliain, deonaíonn fostaithe Vhi Cúram Sláinte oiliúint a thabhairt do dhaoine óga i réimse ábhar agus scileanna, mar shampla, eacnamaíocht phearsanta, cócaireacht, scileanna chun ratha agus feachtas timpeallachta. Foghlaimíonn na daltaí freisin conas a gcuid scileanna féin a aithint, páirt a ghlacadh in agallaimh bhréige, feabhas a chur ar theicnící agallaimh agus curriculum vitae a ullmhú. Agus sinn i bpáirt le Gnóthachan na Sóisear tá súil againn daltaí a spreagadh chun an tábhacht atá le hoideachas lánaimseartha a thuiscint, mar aon le coincheap na foghlama fadsaoil.

## Amach Anseo

Beidh Vhi Cúram Sláinte ar thús cadhnaíochta feasta, mar atá inniu, i margadh an árachais sláinte in Éirinn. Beidh amhlaidh toisc scil agus tiomantas na foirne; ardchaighdeán agus éagsúlacht na dtáirgí is na seirbhísí; éifeachtacht na seirbhíse do chustaiméirí; eagrú na mbealach dáilithe; agus rud nach beag, dílseacht agus muinín na mball ó ghlúin go glúin.

Chuireamar an-fháilte roimh an gcinneadh a rinne an tÚdarás um Árachas Sláinte, i mí Aibreáin 2005, a mholadh don Tánaiste is Aire Sláinte agus Leanaí go gcuirfí tús le Comhionannú Riosca, agus ba dhea-scéal é do thomhaltóirí na hÉireann agus do thodhchaí na dtáirgí pobalrátaithe in Éirinn. Tugadh an-uchtach dúinn freisin nuair a thug an Tánaiste le tuiscint ina dhiaidh sin go raibh sé ar intinn aici glacadh leis an moladh seo agus Comhionannú Riosca a ghníomhachtú ar 1 Iúil. Agus an méid sin tarlaithe tar éis dúinn a bheith ag streachailt ar feadh 8 mbliana ar son cothromais ar pháirc na himeartha, ba mhór an dul ar gcúl a tharla nuair a chinn an Tánaiste ar 27 Meitheamh 2005 gan Comhionannú Riosca a ghníomhachtú – dul ar gcúl dár ngnóthas, dár mbaill agus, creidimid, don mhargadh árachais sláinte. I rith an ama ó rinne an tÚÁS a moladh siúd, agus a machnamh ar siúl aici féin, níor éiligh an Tánaiste aon aighneacht, aon chruinniú ná aon chomhairle ar Vhi Cúram Sláinte.

Tá cur síos ar impleachtaí an chinnidh gan Comhionannú Riosca a ghníomhachtú in Athbhreithniú an Chathaoirligh agus sa litir ón mBord chuig an Tánaiste (atá ar fáil ag [www.vhi.ie](http://www.vhi.ie)).

Tá sé mar thiomantas ag Vhi Cúram Sláinte go mbainfear leas as an airgead a thiocfaidh ó chiste do chomhionannú riosca ar mhaithe le tomhaltóirí na hÉireann agus leis an margadh árachais sláinte in Éirinn.


Má tá rath i ndán do Vhi Cúram Sláinte i margadh iomaíoch, is éard a theastaíonn ná saoirse tráchtála chun feidhmiú gan smacht reachtúil dolúbtha faoi mar atá orainn faoi láthair. Fáiltimid roimh chinneadh an Tánaiste dul i ngleic leis an gceist seo i mí Mheán Fómhair 2005.

Tá fúinn tosaíocht a thabhairt dár gcuid ball inár straitéis ghnó. Tá Vhi Cúram Sláinte ann chun freastal ar riachtanais na mball, agus ní ar chúis ar bith eile. Coinneoidimid orainn le sárseirbhís custaiméirí agus leis na táirgí is na seirbhísí is fearr dá bhfuil ar an margadh.

### Vincent Sheridan

Príomhfheidhmeannach

12.45pm



Droim Connach, BÁC 9.

07.00am 13.00pm 19.00pm 01.00am  
07.15am 13.15pm 19.15pm 01.15am  
07.30am 13.30pm 19.30pm 01.30am  
07.45am 13.45pm 19.45pm 01.45am  
08.00am 14.00pm 20.00pm 02.00am  
08.15am 14.15pm 20.15pm 02.15am  
08.30am 14.30pm 20.30pm 02.30am  
08.45am 14.45pm 20.45pm 02.45am  
09.00am 15.00pm 21.00pm 03.00am  
09.15am 15.15pm 21.15pm 03.15am  
09.30am 15.30pm 21.30pm 03.30am  
09.45am 15.45pm 21.45pm 03.45am  
10.00am 16.00pm 22.00pm 04.00am  
10.15am 16.15pm 22.15pm 04.15am  
10.30am 16.30pm 22.30pm 04.30am  
10.45am 16.45pm 22.45pm 04.45am  
11.00am 17.00pm 23.00pm 05.00am  
11.15am 17.15pm 23.15pm 05.15am  
11.30am 17.30pm 23.30pm 05.30am  
11.45am 17.45pm 23.45pm 05.45am  
12.00pm 18.00pm 24.00am 06.00am  
12.15pm 18.15pm 00.15am 06.15am  
12.30pm 18.30pm 00.30am 06.30am  
12.45pm 18.45pm 00.45am 06.45am

# FOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMÍÚCHÁIN

# FOIREANN BHAINISTÍOCHTA FEIDHMIÚCHÁIN



1 **VINCENT SHERIDAN, B.COMM, FCA, PRÍOMHFHEIDHMEANNACH**

Thosaigh Vincent Sheridan ag obair le Vhi Cúram Sláinte i mí Aibreáin 2001, agus 28 bliana taithí aige sa tionscal árachais. Tá sé ina stiúrthóir ar FBD Holdings Plc agus bhí sé ina stiúrthóir ar Stocmhalartán na hÉireann ar feadh naoi mbliana go dtí Meitheamh 2004. Tá sé ina Leas-Uachtarán faoi láthair ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus ina chomhalta comhairle ag an gCónaidhm Idirnáisiúnta um Phleananna Sláinte agus ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Bhreatain Mhór.

2 **MICHAEL OWENS, STIÚRTHÓIR, ACMHAINNÍ DAONNA**

Tá BA ag Michael Owens i gCaidrimh Thionsclaíochta agus is Comhalta Cairte den CIPD é. Thosaigh sé ag obair leis an Vhi sa bhliain 1999 agus tá taithí breis is 26 bliana aige i mbainistíocht acmhainní daonna i dtionscail éagsúla: innealtóireacht éadrom, páipéar agus prionta, miondíol tráchtála agus árachas.

3 **WILLIE SHANNON, BBS, FCA, STIÚRTHÓIR, AIRGEADAS**

Is céimí de chuid Choláiste na Tríonóide é Willie Shannon, a bhain amach an BBS sa bhliain 1974. Cáilíodh mar chuntasóir cairte é sa bhliain 1977 le hArthur Andersen agus chuaigh sé ag obair le mórchomhlacht bróicéirí árachais sa bhliain 1987 mar rialtóir airgeadais an ghrúpa. Ceapadh é ina Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa ina dhiaidh sin, sa bhliain 1989. Thosaigh sé le Vhi Cúram Sláinte ina Stiúrthóir Airgeadais sa bhliain 2002. Tá sé ar choistí éagsúla de chuid Institiúid na gCuntasóirí Cairte. Is Iar-Chathaoirleach é ar an gCoiste Airgeadais in Institiúid Árachais na hÉireann, agus is Iar-Uachtarán é ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais.

4 **AN DR BERNADETTE CARR MD, FRCPI, MPH, LFOM, STIÚRTHÓIR, LEIGHEAS**

Is lia agus éipidéimeolaí í Bernadette Carr a bhfuil taithí fhairsing chliniciúil agus thaighde aici. Is céimí í de chuid OÉC, agus i measc a cáilíochtaí tá: Comhaltacht in UCLA, 1989; Dochtúireacht Leighis, CnaT, 1992; Ceadúnach le Dámh an Leighis Ghairme, 1991; agus Máistreacht sa tSláinte Phoiblí, 1994. Toghadh í mar Chomhalta ag Coláiste Ríoga Lianna na hÉireann sa bhliain 1996. Thosaigh Bernadette ag obair leis an Vhi sa bhliain 1994, agus ar a cuid cúraimí tá caidrimh le soláthróirí, idirbheartaíocht chonarthaí agus éilimh.

5 **JOHN CREEDON, STIÚRTHÓIR, FAISNÉIS TEICNEOLAÍOCHTA**

Tá BSc i bhFeidhmiúcháin Ríomhairí ag John Creedon ó Ollscoil Chathair Átha Cliath, agus Dioplóma in Anailís Chóras ó Choláiste na Tríonóide, BÁC. Bhí postanna sinsearachta eile aige le Vhi Cúram Sláinte sular ceapadh ina phost reatha é sa bhliain 1996, agus é freagrach as na seirbhísí Faisnéis Teicneolaíochta uilig.

6 **TONY MCSWEENEY, STIÚRTHÓIR, GNÓ AONAIR AGUS CORPORÁIDEACH**

Tháinig Tony McSweeney, comhalta d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann, go dtí an Vhi Cúram Sláinte ón tionscal saoil agus pinsean sa bhliain 1996. Tá sé freagrach as Seirbhísí Custaiméirí, as Riarachán Custaiméirí, as Díolachán agus as ár ngnó Réiteach Corparáideach.

7 **DECLAN MORAN, STIÚRTHÓIR, MARGAÍOCHT AGUS FORBAIRT GHNÓ**

Tá BSc sa Ríomheolaíocht ag Declan Moran agus is Comhalta é d'Institiúid na nAchtúirí ón mbliain 1994 i leith. Tháinig sé go dtí an Vhi Cúram Sláinte sa bhliain 1997 ón tionscal saoil is pinsean agus tá sé freagrach as fairsingiú ar chineálacha táirgí an Vhi, as forbairt ar mhargaí nua agus as soláthar saineolais achtúirigh laistigh den eagraíocht.

15.45pm



Granard, Co. Longfoirt.



07.00am	13.00pm	19.00pm	01.00am
07.15am	13.15pm	19.15pm	01.15am
07.30am	13.30pm	19.30pm	01.30am
07.45am	13.45pm	19.45pm	01.45am
08.00am	14.00pm	20.00pm	02.00am
08.15am	14.15pm	20.15pm	02.15am
08.30am	14.30pm	20.30pm	02.30am
08.45am	14.45pm	20.45pm	02.45am
09.00am	15.00pm	21.00pm	03.00am
09.15am	15.15pm	21.15pm	03.15am
09.30am	15.30pm	21.30pm	03.30am
09.45am	15.45pm	21.45pm	03.45am
10.00am	16.00pm	22.00pm	04.00am
10.15am	16.15pm	22.15pm	04.15am
10.30am	16.30pm	22.30pm	04.30am
10.45am	16.45pm	22.45pm	04.45am
11.00am	17.00pm	23.00pm	05.00am
11.15am	17.15pm	23.15pm	05.15am
11.30am	17.30pm	23.30pm	05.30am
11.45am	17.45pm	23.45pm	05.45am
12.00pm	18.00pm	24.00am	06.00am
12.15pm	18.15pm	00.15am	06.15am
12.30pm	18.30pm	00.30am	06.30am
12.45pm	18.45pm	00.45am	06.45am

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá áthas ar na Stiúirthóirí an 48ú Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá Cuntais an Bhoird agus na nótaí a bhaineann leo agus atá mar chuid de na Cuntais san áireamh sa tuarascáil seo, agus iad ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus atá ag teacht le Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

## 1. Príomhimeachtaí

Is corparáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh a bunaíodh leis an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957, agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais a sholáthar do chúram sláinte príobháideach, á chur ar fáil ar bhunús cúnaimh fhrithpháirtigh.

## 2. Torthaí

Tá torthaí na bliana leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

## 3. Athbhreithniú agus Todhchaí an Ghnó

Tá athbhreithniú ar an ngnó a cuireadh i gcrích i rith na bliana, i dteannta le tuairimí an Bhoird faoin mhéid atá i ndán sa todhchaí, le fáil in Athbhreithniú an Chathaoirligh.

## 4. Cúraimí na Stiúirthóirí

Ní foláir do na Stiúirthóirí cuntais a ullmhú do gach tréimhse airgeadais, a thugann léargas atá fíor agus cóir ar bhail ghnóthaí an Bhoird agus ar shochar nó dochar an Bhoird don tréimhse sin.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní foláir do na Stiúirthóirí:

- Polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta.
- Breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus gaoismhear.

- Na cuntais a ullmhú ar bhonn gnó atá ar siúl muna bhfuil sé neamhoiriúnach a bheith ag glacadh leis go leanfar de ghnó an Bhoird.

Tá na Stiúirthóirí freagrach as leabhair chuntais chearta a choimeád, a nochtáíonn le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais na heagraíochta agus a chuirfidh ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go ginearálta in Éirinn agus atá ag teacht le Rialacháin an Chomhphobail Eorpaigh (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus uaidh seo, as céimeanna réasúnta a thógáil chun caimiléireacht agus gnóthaí cama eile a chosc agus a bhrath.

## 5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúirthóirí le prionsabail an Rialachais Chorparáidigh a léiríodh i gCód Comhaontaithe an Choiste ar Rialachas Corparáideach. I mí Iúil 2003, rinne an Chomhairle Tuairiscíochta Airgeadais athbhreithniú ar an gCód Comhaontaithe ar Rialachas Corparáideach. Cé nach comhlacht liostaithe é féin, tá an Bord ag iarraidh cloí le coinníollacha an Chóid atá oiriúnach dó, ag cur san áireamh Bunreacht an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, agus uaidh seo tuairiscítear laistíos ar chomhlíonadh an Bhoird i rith na bliana leis an gCód.

Measann na Stiúirthóirí go bhfuil na nósanna imeachta ar bun ag an mBord chun cloí leis na forálacha a leagadh amach in Alt a 1 den Chód Comhaontaithe: Prionsabail Dea-Rialachais agus Cód Togha Cleachtais, ach amháin i gcás ceapacháin agus coinníollacha oifige na Stiúirthóirí, a bhfuil an tAire Sláinte agus Leanaí freagrach as. Dá bhrí sin, níl Coiste Ainmiúchán ná Stiúirthóir Neamhspleách Sinsearach ag an mBord.

## Bord na Stiúirthóirí

Tá gnó an Chathaoirligh agus an Phríomh-Fheidhmeannaigh scartha ó chéile agus is Stiúirthóirí Neamhfheidhmiúcháin ar fad a chuimsíonn an Bord. Tá na Stiúirthóirí uilig ceaptha ag an Aire Sláinte agus Leanaí ar feadh tréimhse oifige cúig bliana.

Tagann an Bord le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana agus plé aige le sceideal foirmeálta gnóthaí a ndéanann an Bord go sonrach cinní fúthu: ina measc, ceadú a thabhairt don phlean straitéiseach iomlán, buiséid bhliantúla, an tuarascáil bhliantúil agus na cuntais, agus príomhimeachtaí corparáideacha. Seoltar páipéir an Bhoird go dtí gach comhalta in am tráth roimh chruinnithe. Cuirtear traenáil agus faisnéisiú cuí ar fáil do na stiúirthóirí go léir nuair a cheaptar ar an mBord iad, agus bíonn traenáil bhreise ar fáil ina dhiaidh sin, de réir mar is gá. Tá nósanna imeachta leagtha amach ag an mBord freisin maidir le comhairle phroifisiúnta neamhspleách a bheith ar fáil ag Stiúirthóirí. Tá teacht ag na Stiúirthóirí uilig ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí. Tá árachas dlíteanais stiúirthóirí i bhfeidhm ag an mBord. Tá próiséis measúnaithe feidhmíochta curtha i bhfeidhm ag an mBord freisin.

Déanann an Bord athbhreithniú ar na socruithe atá ann maidir le deis a thabhairt d'fhostaithe aon chúis bhuartha a thógáil, a bhaineann le briseadh dlí i gcás tuairiscíochta airgeadais nó i gcás gnóthaí eile. Más gá, cinnteoidh sé go ndéanfar fiosruithe cuí agus go ndéanfar beart dá réir.

Tá Coiste Iniúchta ceaptha ag an mBord, agus triúr Stiúirthóirí Neamhfheidhmiúcháin air. Tagann an Coiste Iniúchta le chéile ar a laghad ceithre uaire sa bhliain, agus déantar athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, ceisteanna maidir le rialúchán inmheánach agus comhlíonadh agus

éifeachtúlacht an iniúchta inmheánaigh agus sheachtraigh. Pléann comhaltaí an Choiste Iniúchta le ceist an riosca freisin, chun a dheimhniú go bhfuil nósanna imeachta bainistíocht riosca agus prótacail tuairiscíochta oiriúnacha i bhfeidhm. Cuireann an Coiste Iniúchta moltaí faoi bhráid an Bhoird maidir le hiniúcháirí seachtracha a cheapadh agus measúnú a dhéanamh ar a n-oibiachtúlacht agus ar a neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean iniúcháireachta sheachtraigh agus ar thorthaí an iniúchta ar ráitis airgeadais. Tá príomhról agus freagarthachtaí an Choiste Iniúchta leagtha amach i dtéarmaí tagartha scríofa agus tá siad ar fáil ach iad a iarraidh.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúchta chun a chinntiú nach mbeidh aon chúis amhrais ann faoi neamhspleáchas an iniúchta. Mar chuid den phróiseas, déantar monatóireacht ar chineál agus ar réimse na seirbhísí a chuireann iniúcháirí seachtracha ar fáil, leis an athbhreithniú bliantúil a dhéantar ar na táillí a íoctar leis na hiniúcháirí seachtracha ar son seirbhísí iniúcháireachta agus neamh-iniúcháireachta araon.

Tá Coiste Íocaíochta ceaptha chomh maith ag an mBord, agus triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin air. Tá an coiste seo freagrach as iarrthóirí a mholadh do phostanna bainistíochta sinsearach agus as polasaithe íocaíochta.

#### **Rialúchán Inmheánach**

Chuir an Bord i bhfeidhm na moltaí ar Rialúchán Inmheánach: Treoracha do Stiúrthóirí ar an gCód Comhaontaithe (Treoracha Turnbull) a foilsíodh i mí Mhéan Fómhair 1999.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialúchán inmheánach an Bhoird agus as athbhreithniú ar a éifeachtúlacht. Dháil siad an fhreagracht do chur i

bhfeidhm an chórais seo don Bhainistíocht Feidhmiúcháin.

Soláthraíonn a leithéid de chóras cinnteacht réasúnta agus ní cinnteacht iomlán i gcás:

Sócmhainní a chosaint ar úsáid nó ar chur de láimh gan údarás; agus taifid chuntasaíochta chearta a bheith á gcothabháil agus an t-eolas a sholáthraíonn siad a bheith iontaofa, maidir le húsáid inmheánach agus le foilsíú araon.

Is iad seo a leanas príomhghnéithe an chórais:

- Tá polasaithe foirmiúla, nósanna imeachta agus struchtúir eagraíochta i réim a thacaíonn le timpeallacht láidir rialúcháin a chothabháil.
- Sa straitéis ghnó agus sa phróiseas pleanála agus buiséid, cuirtear san áireamh anailís ar na príomhrioscaí gnó a bhaineann leis an eagraíocht. Is próiseas leanúnach é measúnú riosca, a gcuireann an Bord béim shuntasach air.
- Cuirtear ar fáil soláthar cuimsitheach eolais bhainistíochta agus táscairí feidhmíochta go tráthúil ar bhonn míosúil agus baintear feidhm chuige seo as sraith de chártaí scóir cothromaíthe comhghaolmhara. Cuireann seo ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i gcomhthéacs aidhmeanna fadtéarmacha agus buiséid bhliantúla, luacháil ar threochtaí agus gníomhú i leith aon éagsúlachtaí. Ullmhaítear mionbhuiséid go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha fadtéarmacha agus déantar athbhreithniú ar na pleananna go rialta.

- Tá modhanna cuntasaíochta ar taifead, tá timthriallacha gnó sainmhínithe, tá cláir ama cuntasaíochta leagtha amach go mion, tá uath-chomhéadain faoi rialú, tá próiseis athbhreithnithe agus réitigh curtha i bhfeidhm, tá dualgais scartha agus tá scrúdú ar theorainní údarásaithe. Dáileadh cúram i leith gach príomhdhualgais ar fhoireann oílte le seantaithe.

Thar ceann an Bhoird, rinne an coiste iniúchta athbhreithniú ar éifeachtúlacht na gcóras rialúcháin inmheánaigh, atá in úsáid don bhliain dár críoch 28 Feabhra 2005 agus go dtí dáta na tuarascála seo.

#### **Gnó atá ar Siúl**

Ullmhaíodh na cuntais ar bhonn gnó atá ar siúl agus, de réir riachtanais an Chóid Chomhaontaithe, tuairiscíonn na Stiúrthóirí go bhfuil siad sásta gur gnó atá ar siúl é an Bord, agus go bhfuil go leor acmhainní aige chun leanúint ag feidhmiú go ceann i bhfad. Chun teacht ar an tuairim seo, rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2005/2006 agus ar na pleananna méantéarmacha mar atá leagtha amach i straitéis chorparáideach an Bhoird. Maidir leis seo, tá suntas le tabhairt do Nóta 9 sna Cuntais.

## **6. Íocaíocht na Stiúrthóirí**

Tá leibhéil íocaíochta bhliantúla leagtha síos ag an Rialtas don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir ag €15,237 agus €10,158 faoi seach. Ní fhaigheann na Stiúrthóirí aon íocaíocht eile ná níl aon chomhaontú seirbhíse ná conarthaí acu leis an mBord.

## 7. An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989

Tá polasaí sábháilteachta agus sláinte ag an mBord a thagann go hiomlán le riachtanais shonracha an Achta thuasluaite. Aithníonn an Bord a thábhachtaí atá sé dul i gcomhairle leis an bhfoireann faoi chursaí sábháilteachta, sláinte agus leasa.

Tá áthas ar na Stiúrthóirí a thuairisciú nár tharla aon tionóisc chinniúnach d'aon bhall foirne ná do chuartheoirí ar a n-áitribh i rith na bliana.

## 8. An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997

Tá an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh san áireamh mar cheannaitheoir earraí agus seirbhísí liostaithe sa sceideal a ghabhann leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997. Glacann na Stiúrthóirí leis go bhfuil freagracht orthu a chinntiú go gcomhlíontar coinníollacha an Achta, maidir le gach ábhar. Is é cleachtas íocaíochta an Bhoird ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc comhlánaithe agus aontaithe d'earraí agus do sheirbhísí a soláthraíodh don Bhord, laistigh den tréimhse íocaíochta forordaithe. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm a thugann cinnteacht réasúnta i gcás nach gcomhlíontar forálacha an Achta go hábharach.

## 9. Leabhair Chuntas

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go bhfuil Leabhair Chuntas á gcoimeád ag an mBord, agus baintear an méid seo amach tré fhoireann oiriúnach atá cáilithe sa chuntasaíocht a fhostú, agus tré chloí le córais oiriúnacha cuntasaíochta. Tá na leabhair chuntas le fáil i gCeannáras an Bhoird ag Teach VHI, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.

## 10. Iniúchóirí

Leanann na hIniúchóirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cairte, in oifig de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.

Thar ceann an Bhoird



**Bernard Collins**  
Cathaoirleach



**Pat Farrell**  
Stiúrthóir

4 Iúil 2005

07.00am	13.00pm	19.00pm	01.00am
07.15am	13.15pm	19.15pm	01.15am
07.30am	13.30pm	19.30pm	01.30am
07.45am	13.45pm	19.45pm	01.45am
08.00am	14.00pm	20.00pm	02.00am
08.15am	14.15pm	20.15pm	02.15am
08.30am	14.30pm	20.30pm	02.30am
08.45am	14.45pm	20.45pm	02.45am
09.00am	15.00pm	21.00pm	03.00am
09.15am	15.15pm	21.15pm	03.15am
09.30am	15.30pm	21.30pm	03.30am
09.45am	15.45pm	21.45pm	03.45am
10.00am	16.00pm	22.00pm	04.00am
10.15am	16.15pm	22.15pm	04.15am
10.30am	16.30pm	22.30pm	04.30am
10.45am	16.45pm	22.45pm	04.45am
11.00am	17.00pm	23.00pm	05.00am
11.15am	17.15pm	23.15pm	05.15am
11.30am	17.30pm	23.30pm	05.30am
11.45am	17.45pm	23.45pm	05.45am
12.00pm	18.00pm	24.00am	06.00am
12.15pm	18.15pm	00.15am	06.15am
12.30pm	18.30pm	00.30am	06.30am
12.45pm	18.45pm	00.45am	06.45am

# TUARAS CÁIL NA ni NIÚCHÓIRÍ

## Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha do Stiúrthóirí an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Shláinte Shaorálaigh don bhliain dár críoch 28 Feabhra 2005. Áirítear orthusan an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid, an ráiteas ar pholasaithe cuntasaióchta agus nótaí gaolmhara 1 go 18. Réitíodh na cuntais seo de réir na bpolasaithe cuntasaióchta atá leagtha amach iontu siúd.

Déantar an tuarascáil seo a thíolacadh do Stiúrthóirí Bhoird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh amháin, faoi réir Alt 19 d'Acht an Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Rinneadh ár n-obair iniúcháireachta le go bhféadfaimís a chur in iúl do na Stiúrthóirí na gnóthaí úd, a bhfuil dualgas orainn a thuairisciú dóibh i dtuarascáil na n-iniúcháirí agus ní ar aon chúis eile. Chomh fada is atá ceadaithe de réir dlí, ní ghlacaimid ná ní ghabhaimid freagracht orainn féin i leith éinne ach an Bord agus na Stiúrthóirí mar chomhlacht, as ár n-obair iniúcháireachta, as an tuarascáil seo ná as na tuairimí a dtángamar orthu.

## Dualgais an Bhoird agus na nIniúcháirí Faoi Seach

Mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Dhualgais na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, agus mar chuid de na dualgais úd, as na cuntais a ullmhú de réir dlí infheidhme agus de réir chaighdeán chuntasaióchta na hÉireann. Tá ár ndualgais, mar iniúcháirí neamhspleácha, bunaithe de réir reachtaíochta in Éirinn, de réir na gcaighdeán iniúcháireachta atá fógraithe ag an Auditing Practices Board in Éirinn agus de réir treoracha eiticíúla ár ngairme.

Tuairiscimid daoibh ár dtuairim faoi cé acu an dtugann nó nach dtugann na cuntais léargas fíor agus cothrom.

Déanaimid athbhreithniú maidir leis an ráiteas ar rialachas corparáideach agus cé acu an léirítear ann comhlíonadh an Bhoird le seacht bhforáil an Chóid Chomhaontaithe (2003) sainithe d'ár n-athbhreithiú ag na rialacha sin agus tuairiscimid muna ndéanann amhlaidh. Níl sé de dhualgas orainn tuairim a thabhairt ar éifeachtúlacht nósanna imeachta an Bhoird i leith rialachais chorparáidigh ná i leith rialúcháin inmheánaigh.

Léimid an t-eolas eile atá sa Tuarascáil Bhliantúil agus scrúdaímid na himpleachtaí dár dtuarascáil sa gcás go gcuirtear ar ár súile aon mhíríteas nó easpa leanúnachais ábharaigh idir í agus na cuntais. Is éard a áirítear leis an eolas eile ná Tuarascáil na Stiúrthóirí, agus an ráiteas ar rialachas corparáideach san áireamh ann, Athbhreithniú an Chathaoirligh, Athbhreithniú na nOibríochtaí agus tábla na dTorthaí Comparáideacha.

## Bunús Thuairim an Iniúchta

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gcaighdeán iniúcháireachta a d'eisigh an Auditing Practices Board agus a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn. Mar chuid den iniúchadh, déantar scrudú, ar bhonn trialach, ar fhianaise ábhartha a bhaineann leis na méideanna agus na tuairiscí a nochtáitear sna cuntais. Mar chuid de freisin, déantar measúnacht ar na meastacháin shuntasacha agus ar na breitheanna a thug an Bord le linn dó na cuntais a ullmhú, mar aon le measúnacht ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaióchta do chúinsí an Bhoird, agus faoi chur i bhfeidhm na bpolasaithe sin go comhréireach agus faoina nochtadh go fónta.

Rinneamar á n-iniúchadh a phleanáil agus a chur i gcríoch ionas go bhfaighfí an fhaisnéis agus na mínithe go léir a

mheasamar ba ghá chun fianaise leordhóthanach a sholáthar dúinn le go mbeadh cinnteacht réasúnta ann go bhfuil na cuntais saor ó mhírítis ábhartha, cibé acu calaois nó mírialtacht nó earráid eile ba chúis leo. Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim rinneamar meastóireacht freisin ar fhóntacht iomlan na slí inar léiríodh an fhaisnéis sna cuntais.

## Soláthairtí Teicniúla Eile – Cúlchiste Riosca Neamhchaite

Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim, scrúdaíomar an tsuim €104.2m atá áirithe i soláthairtí teicniúla eile agus an tuiscint ar a bhfuil an soláthar bunaithe. Scrúdaíomar freisin an méid a nochtáíodh i nóta 9 de na cuntais maidir leis an soláthar agus maidir le méadú ar an dóchúlacht go mbeadh easnaimh ann amach anseo, sa gcás nach gcuirfí comhionannú riosca i bhfeidhm, rud a mbeadh impleachtaí tromhchúiseacha aige do sheasamh airgeadais an Bhoird. Toisc suntas na n-éiginnteachtaí a bhain leis an soláthar agus toisc an dóchúlacht go mbeidh easnaimh shuntasacha eile ann amach anseo sa gcás nach dtabharfar isteach comhionannú riosca, measaimid gur chóir na ceisteanna seo a chur ar bhur n-aire. Níl ár dtuairim cáilithe sa mhéid seo.

## Tuairim

Is é ár dtuairim go dtugann na cuntais léargas atá fíor agus cothrom ar ghnóthaí an Bhoird mar a bhí ar 28 Feabhra 2005 agus ar bharrachas an Bhoird don bhliain dár críoch an dáta sin.

## Deloitte & Touche

Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe Baile Átha Cliath

4 Iúil 2005



Ros Cré, Co. Thiobraid Árann.



Trá Lí, Co. Chiarraí.



07.00am	13.00pm	19.00pm	01.00am
07.15am	13.15pm	19.15pm	01.15am
07.30am	13.30pm	19.30pm	01.30am
07.45am	13.45pm	19.45pm	01.45am
08.00am	14.00pm	20.00pm	02.00am
08.15am	14.15pm	20.15pm	02.15am
08.30am	14.30pm	20.30pm	02.30am
08.45am	14.45pm	20.45pm	02.45am
09.00am	15.00pm	21.00pm	03.00am
09.15am	15.15pm	21.15pm	03.15am
09.30am	15.30pm	21.30pm	03.30am
09.45am	15.45pm	21.45pm	03.45am
10.00am	16.00pm	22.00pm	04.00am
10.15am	16.15pm	22.15pm	04.15am
10.30am	16.30pm	22.30pm	04.30am
10.45am	16.45pm	22.45pm	04.45am
11.00am	17.00pm	23.00pm	05.00am
11.15am	17.15pm	23.15pm	05.15am
11.30am	17.30pm	23.30pm	05.30am
11.45am	17.45pm	23.45pm	05.45am
12.00pm	18.00pm	24.00am	06.00am
12.15pm	18.15pm	00.15am	06.15am
12.30pm	18.30pm	00.30am	06.30am
12.45pm	18.45pm	00.45am	06.45am

## Bunús Ullmhúcháin

Tá na cuntais ullmhaithe de réir chaighdeáin chuntasaíochta a nglactar go coitianta leo in Éirinn, de réir Rialacháin Chomhphobal na hEorpa (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996 agus de réir an Ráitis ar Chleachtas Inmholta Cuntasaíochta do Ghnó Árachais (SORP) mar ar ghlac an Association of British Insurers leis.

Seo leanas na príomhpholasaithe cuntasaíochta ar glacadh leo:

## Bonn Cuntasaíochta

Tá na cuntais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil, maolaithe trí athluacháil a dhéanamh ar infheistíochtaí.

## Préimheanna Scríofa

Séard atá sna hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam ó phréimheanna infhaighte ó bhaill i leith polasaithe a thosaíonn sa bhliain airgeadais.

Léiríonn préimheanna neamhthuillte comhréir na bpréimheanna scríofa i rith na bliana a bhaineann le téarma neamhchaite na bpolasaithe i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe, áirithe ar bhonn chionroinnt ama.

## Éilimh Tharraingthe

Áirítear le héilimh tharraingthe éilimh agus costais ghaolmhara a íocadh i rith na bliana agus athruithe sna soláthairtí i leith éileamh gan íoc, ina measc sin soláthairtí do chostas measta na n-éileamh tarraingthe ach nár tuairiscíodh mar aon le costais láimhseála ghaolmhara. Tá na soláthairtí d'éilimh gan íoc bunaithe ar bhonn áireamh achtúire a nglacann achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt LLP, leo.

## Rioscaí Neamhchaite

Tá soláthar déanta, ar bhonn eolais atá ar fáil ar dháta an chláir chomhardaithe, d'aon easnaimh fhrithgheallta mheasta atá gaolmhar le rioscaí neamhchaite tar éis sochar infheistíochta ábhartha a chur san áireamh.

## Sócmhainní Inláimhsithe

Tá bunsócmhainní inláimhsithe luaite ar chostas lúide dímheas carntha. Tá áireamh ar an dímheas chun costas sócmhainní atá thar a dtréimhse mheasta úsáideach, a chur ar ceal ar bhonn líne dhírigh mar seo a leanas:

Feithiclé gluaiste

4 bliana

Áiseanna ríomhaire agus bogearraí

4 bliana

Troscán, fearais agus trealamh oifige

5 bliana

